Scéal ón Fhiodh, Contae Ard Mhacha: Murchadh Beag agus Murchadh Mór

Conchúr Mag Eacháin

Réamhrá

Tógadh an scéal seo as lámhscríbhinn atá i measc pháipéir Sheosaimh Laoide i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.[1] Is cóipleabhar í agus tá 'Gaedhlig ó'n Fheadh' scríofa ar an chéad leathanach agus 'John Hannon, Cruis Mhig Fhloinn, 9mhadh lá de Mhí na Samhna, 1899' ar an leathanach deiridh. Tá dhá chóipleabhar eile sa Leabharlann a bhfuil lámh Sheáin Uí Annáin[2] le feiceáil orthu: LNÉ Lsí G 855 19, 20.[3] Amhráin, seanfhocail, abairtí, sloinnte agus ainmneacha áitiúla, logainmneacha áitiúla agus an scéal seo thíos atá le fáil sna lámhscríbhinní seo. Is cuid den ábhar iad a bhailigh Ó hAnnáin ag casadh na fichiú haoise i gceantar an Fheadha, Deisceart Ard Mhacha.[4]

Níor thabhaigh Seán Ó hAnnáin mórán cliú ariamh dó féin mar scoláire nó mar bhailitheoir go náisiúnta ach ní hionann sin agus a rá nach raibh sí tuillte aige. D'fhoilsigh sé cuid den ábhar a bhailigh sé

[1] Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) Ls G 855 21.

[2] Tugaim Seán Ó hAnnáin nó an tAnnánach air tríd an alt toisc gur minice a bhíonn an leagan Gaeilge in úsáid aige féin.

[3] Bainim úsáid as giorrúcháin chun tagairt a dhéanamh do na lámhscríbhinní seo: *GF* 19-21, is é sin LNÉ Lsí 855 19-21. Is ionann *GF* agus 'Gaedhilg ó'n Fheadh' nó 'Gaedhilg an Fheadha'.

[4] Tá lámhscríbhinní eile de chuid an Annánaigh ann. Tá cnuasach mór acu i seilbh an Dr. Uí Dhoibhlin, iarléachtóir le Gaeilge in Ollscoil Uladh. D'fhoilsigh Gearóid Trimble cuid mhór amhrán as na lámhscríbhinní seo in *Glór Gaeilge Oirdheisceart Uladh: Cnuasach de Sheoda Ceoil ó Bhéalaibh na nDaoine.* Baile Átha Cliath 2009. Tá níos mó eolais ar an chnuasach le fáil ar lch. 31 sa leabhar sin. Tá cóipleabhar eile i Leabharlann Uí Fhiaich, Ard Mhacha i measc Pháipéir Thomáis Uí Fhiaich FC 2 19 uimh. 20. Anuas air sin, is cosúil go bhfuil ceann eile le fáil i Leabharlann Ollscoile John Rylands, GB 133 Eng Ls 1098.

in *Irisleabhar na Gaedhilge* agus in *An tUltach*[5] ach tá cuid mhaith de gan fhoilsiú, nó is amhlaidh a bhí go dtí le deireanas.[6] Tugann Éamonn Ó Tuathail cuntas gairid ar an Annánach agus deir sé an méid seo fá dtaobh de:

> John Hannon was a native of Connacht. He had been a National Teacher for some time, but retired, owing to ill health, as I am informed, and went to live at Crossmaglen, Co. Armagh, where he opened a small shop. He died in Newry Hospital in 1930 or 1931.[7]
> Hannon was a zealous and diligent student of the Irish language. He may have acquired some knowledge of the language from his father, who was born near Ballinasloe about the year 1830. At all events he settled in the heart of the Fews at a time when most of the old people of that district were able to speak Irish. He collected songs, proverbs, phrases, place-names, etc. from the Irish speakers who frequented his shop.[8]

Ina theannta sin, bhain Ó Tuathail feidhm as lámhscríbhinn de chuid an Annánaigh nuair a scríobh sé alt ar shloinnte an Chreagáin Uachtaraigh, Ard Mhacha.[9] Bhíodh Ó hAnnáin i dteagmháil le hÉnrí Ó Muirgheasa chomh maith agus chuireadh sé ábhar chuige.[10] Is cosúil gurbh é an Muirgheasach a chuir Ó hAnnáin agus Seosamh Laoide in aithne dá chéile agus a mhol don Laoideach a dhul i

[5] Tá cuid mhaith dá chuid alt liostaithe in Smith, P., *Oidhreacht Oirghiall: A Bibliography of Irish Literature and Philology Relating to the south-east Ulster-north Leinster region: Printed Sources.* Béal Feirste 1995. Féach faoi na hainmneacha John Hannon, S. Ó hAnnáin, S. Ó hAnnabháin.

[6] Féach go háirithe Trimble, *op. cit.*.

[7] Deir Ó Muirí, R. (eag.), *Lámhscríbhinn Staire an Bhionadaigh.* Baile Átha Cliath 1994, 516, go bhfuair Ó hAnnáin bás ar an 27 Deireadh Fómhair 1931 agus é in aois a cheithre bliana agus trí fichid.

[8] Ó Tuathail, E. (eag.), 'A Fews Song' in *Éigse* 5 (1946), 164-168 (168). Ba é Ó hAnnáin a bhailigh an t-amhrán seo agus tá sé curtha in eagar ag Ó Tuathail.

[9] Féach Ó Tuathail, E., 'The Surnames of the Parish of Upper Creggan (South Armagh)' in *Béaloideas* 3 (1932) 401-408. Tá na sloinnte seo le fáil in *GF* 20, 3, 66-8. Anuas air sin, bhain Ó Tuathail úsáid as lámhscríbhinn Uí Annáin ina shaothar *Sgéalta Mhuintir Luinigh.* Baile Átha Cliath 1933, li.

[10] Tá leagan den amhrán 'Cúirt Thulaigh Álainn' ó lámh Uí Annáin le fáil i measc pháipéir phearsanta Uí Mhuirgheasa, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, Páipéir Uí Mhuirgheasa Ls 43, 193-194. Chomh maith leis sin, deir Ó hAnnáin: 'Before long I hope to send you another installment ... I shall be glad to send you a small book like the one enclosed'; leabhar amhrán, abairtí srl. atá i gceist aige. Litir ó Ó hAnnáin go hÓ Muirgheasa, 1 Mí na Samhna 1898, LNÉ Ls G 877.



(5.) Murchadh Beag 7 Murchadh Mór.

dhaul' mŭr'-koo beg' ă' fee'-ŏn.
Bhō'-ĕĕ mŭr'-koo mōr' ă-mah' faa'
lath' ă-var'-oo pae' dhŏ wŭr'-kŏŏ
beg' ă dhaul' ă bhŭd feen'-ă-ĕr
mŭd'-ĭn.
"Gaa vel' thoo gŭl'?" ar'-să'n
thlath'.
"slath, slath' ă-var'-oo pae' dhŏ
wŭr'-koo beg' ă dhaul' mŏ bhŭd
feen'-ă-ĕr mŭd'-ĭn".
"han-ōn' thoo mish'-ă" ar'-să'n
thlath', "Gŏ-wee' thoo shgee'-ăn
ă-yar'-hăs mae".
Bhō'-ĕĕ shăĕ eg ăn shgaen'.
"Gaa vel' thoo gŭl'?" ar'-să'n
shgee'-ăn.

An chéad leathanach de 'Murchadh Beag ⁊ Murchadh Mór' i bhfogharscríobh Uí Ghramhnaigh, LNÉ, Ls G 855 21

dteagmháil leis.[11] Deir Tomás Mac Cuileannáin, bailitheoir béaloidis de thógáil Dheisceart Ard Mhacha agus fear comhaimsire Uí Annáin, ina thaobh:

> An scoláire ab fhearr Gaedhealg i gCondae Ard Mhacha an uair sin. Ó 1893 go dtí lá a bháis bhí sé ag obair go dian i measc seanchainnteoirí an Fheadha. Eisean an t-ughdar ab fhearr ar an chanamhaint le n-a bheo. Chuidigh sé go mór le hÉnrí Ua Muirgheasa agus leis an Athair Ua Muireadhaigh nuair a bhí siad ag cur i neagar dánta Mhic Chuarta agus Mhic Chumhthaigh.[12]

Cé nach dtug Ó hAnnáin faoi mhórshaothar dá chuid féin ar Ghaeilge Ard Mhacha, ní féidir an tionchar a bhí aige ar na mórshaothair eile a shéanadh. Is minic é luaite ag an Athair Lorcán Ó Muireadhaigh, Ó Muirgheasa nó ag Laoide ina gcuid cnuasach d'fhilíocht nó d'amhráin mar gheall ar leaganacha béil a sholáthar dóibh.[13] Bhain scoláirí áirithe rud beag úsáide as cuid de lámhscríbhinní Uí Annáin,[14] ach tá borradh úr tagtha ar gháir Uí Annáin de thairbhe na saothar atá foilsithe le deireanas a chuireann síos ar an traidisiún amhránaíochta in Oirdheisceart Uladh.[15]

Cé gur iontach an méid ábhar Gaeilge a bhailigh Ó hAnnáin i nDeisceart Ard Mhacha agus sna ceantracha thart timpeall, is tábhachtaí an gnás bailithe a chleachtadh sé. Mar ba chóir do

[11] 'Sé mo bharamhail duit gur fiú duit cuairt do dheanamh ar an Hannach go bhfeicidh tú an cruinniughadh atá aige'. Litir ó Énrí Ó Muirgheasa go Seosamh Laoide, 19 Iúil 1899, LNÉ Ls G 877.

[12] Tomás Mac Cuileannáin, Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), 1213: 444-445.

[13] Féach mar shampla, Ó Muirgheasa, É. (eag.), *Amhráin Airt Mhic Chubhthaigh agus Amhráin Eile.* Dún Dealgan 1926, xxviii: 'In collecting these scattered traditions ... I have to acknowledge the assistance rendered by, and express my gratitude to John Hannon of Crossmaglen'.

[14] Féach Williams, N.J.A., 'The Etymology of *Ársuighim*' in *Éigse* 13 (1969/70) 181-185 (féach fonótaí 1, 37, 42 san alt sin) agus Ó Buachalla, B., 'Nótaí ar Ghaeilge an Tuaiscirt I' in *Éigse* 16 (1975/76), 285-316 (féach fonótaí 6, 37 san alt sin).

[15] Ní Uallacháin, P., *A Hidden Ulster: People, Songs and Traditions of Oriel.* Baile Átha Cliath 2003 agus Trimble, (luaite thuas). Is cosúil gur bhain an bheirt úsáid as na lámhscríbhinní céanna. Tá nóta beathaisnéise agus catalogú déanta ag Ní Uallacháin ar thrí scór go leith amhrán atá sna lámhscríbhinní sin (360-361, 426-428). Le linn scríobh mo thráchtais PhD bhain mé féin úsáid as na lámhscríbhinní atá in LNÉ, i Leabharlann Uí Fhiaich agus na cinn a d'úsáid Gearóid Trimble. Féach Conor McGahan, 'Language Obsolescence and Language Death: The Irish Language in south-east Ulster', tráchtas neamhfhoilsithe PhD (Ollscoil na Banríona, Béal Feirste 2009) 83-91.

bhailitheoirí béaloidis, scríobhadh Ó hAnnáin trascríbhinn focal ar fhocal ó na cainteoirí a chastaí air agus de ghnáth, bhaineadh sé úsáid as litriú foghraíochta. Bhí an litriú seo bunaithe ar chóras a d'úsáid an tAthair Ó Gramhnaigh ina shraith leabhar dírithe ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge.[16] Ag tús na lámhscríbhinní, cuireann Ó hAnnáin an gnás bailithe in iúl don léitheoir agus is é seo an ráiteas is iomláine atá faighte agam:

> The following are a few songs, and parts of songs, written just as I first took them down from Irish speakers here ... The sounds are spelled out by using the letters and combinations of Fr. O'Growney's Key system, and what is given closely follows the pronunciation as I heard it. The attempts at giving the English on the opposite page have also been taken down from the speakers ... In the Gaelic there may be a few mistakes, mostly in the unaccented syllables or at the beginning of lines, owing to hurry of speech, but I am sure a close comparison will show the true rendering. No attempt has been made to change or correct any of it; so all is here as I first wrote it. (*GF* 19 lch. 1)

De ghnáth, tugann sé eolas ar an litriú foghraíochta atá in úsáid aige:

> Broad sounds are in capitals, as K, CH, NG, G, L, N.
> Slender sounders are <u>underlined</u>, as <u>k</u>, <u>d</u>, <u>g</u>, <u>l</u>, <u>n</u>, <u>r</u>, <u>t</u>, <u>ng</u>.[17]
> γ = sound of dh and gh broad.
> h-y = sound of ch slender, as h-yaN′-ee (= cheannaigh).
> b-y = sound of b in abuse.
> f-y = " " f " fiú.
> m-y = " " m " mule.
> p-y = " " p " puce.
> aou = sound of amh (generally)
> ȯȯ = usual local sound of ao, aoi, and often of agh, adh (accented).
> I have taken the liberty of introducing the latter, ȯȯ. For the other vowel sounds, ae, au, ei, etc. see one of O'Growney's books. (GF 19 lch. 92)

Ar son na caoithiúlachta, tugaim na siombail eile thíos mar atá cur síos déanta orthu i leabhair Uí Ghramhnaigh:

[16] O'Growney, E., *Simple Lessons in Irish.* 5 Iml. Baile Átha Cliath 1894-1901.

[17] In amanna ní léir an fholíneáil agus ní fios más faillí is cúis leis seo, mar shampla *uisce* [ish′-gă, ish′-gă], 35 (déanann an uimhir seo tagairt d'uimhir an líne sa scéal thíos). Sin ráite, in alt eile deir Ó hAnnáin gurb ionann litreacha i gcás íochtair gan fholíneáil agus 'ordinary English sounds'. Féach Ó Tuathail, *op. cit.*, 1946, 164.



Gaedhilig an Fheadha.

The following phrases, &c, have been all taken down from local Irish speakers, and are here given just as they were heard in conversation, by means of Father O'Growney's Key. I make no attempt at changing or correcting them. When reading, attend to the obscure and accent marks.

Broad sounds are in Capitals, as, K, G, GH, NG, &c.
Slender " " underlined, as, d, k, g, h, ng, &c.
öö = local sound of AO, AOI; sometimes AÖ, & AÖ.
Y (gamma) = sound of ö and ż broad.
h-y = sound of ċ slender; sometimes of ċ slender, as, ċeannuiż (h-yan'ee), ċriall (h-yree'all).

For vowel sounds au, ae, ei, &c. see Fr. O'Growney's books.

Cur-Mizfhlainn 9 mhaö de'n Samain 1898.

An chéad leathanach de 'Ghaedhilig an Fheadha' a breacadh síos ar 9 Samhain 1898, LNÉ, Ls G 855 20.

Comhartha	*Le fuaimniú mar*	*Sna focail Bhéarla*
aa	a	*half; calf*
ae	ae	*Gaelic*
ee	ee	*feel; see*
au	au	*naught; taught*
ō	o	*note; coke*
oo	oo (long)	*tool; room; poor*
a	a	*bat; that*
e	e	*let; bet*
i	i	*hit; fill*
o	o	*knot; clock*
ŭ	u	*up; us*
u[18]	oo (short)	*good; took*
ă, ĕ	a	*tolerable*
ei	ei	*height*
ou	ou	*mouth*
oi	oi	*boil*
ew	ew	*few*
sh	sh	*shall; lash*
dh	th	*thy*
th	th	*thigh*[19]

Tugtar faoi deara gur comhartha béime é [´] agus go gcuirtear ag deireadh an tsiolla aiceanta é. Mar sin de, cuireann an litriú *Murcadh* [mŭr´-Koo] in iúl go bhfuil an bhéim ar an chéad siolla. Ach is minic a chuireann Ó hAnnáin béim in iúl ar fhocail aonsiollacha chomh maith.[20]

Ba ghnách leis an Annánach trascríbhinní foghraíochta a dhéanamh in áit na mbonn agus is cosúil go raibh an-mhuinín aige as an stíl bhailithe seo: 'I may remark that I find this system of Father O'Growney's a great method for taking down the spoken Gaelic, as I can use it now with great rapidity. To me it seems as good as the phonograph'.[21] I dtaca le hiontaofacht an litrithe fhoghraíochta, deir Ó Tuathail an méid seo fá dtaobh de: 'Though O'Growney's system

[18] Bíonn **ŏo** in áit **u** ag Ó hAnnáin: *tú* [thoo], 5 agus *tú* [thŏo], 8. Mar sin de, is comhartha é [˘] a chuireann giorracht in iúl.

[19] I dtaca le *thy* agus *thigh*, glactar nach fuaimniú an Bhéarla Chaighdeánaigh atá i gceist ach fuaimniú Bhéarla Dheisceart na hÉireann, is é sin, na stopanna déadacha [d̪], [t̪] in áit na gcuimilteach déadach [ð], [θ].

[20] Níl aon tábhacht fhoghraíochta ag baint le húsáid an lánstad/na camóige/na n-uaschamóg; is comharthaí poncaíochta iad.

[21] Litir ó Ó hAnnáin go hÓ Muirgheasa, 1 Mí na Samhna 1898, LNÉ Ls G 877.

is far from being a perfect one, we may feel grateful to John Hannon for having adopted it in the present instance. It is sufficiently accurate to enable us to get a fairly clear idea of the pronunciation which prevails – or prevailed – in South Armagh'.[22] Dá fheabhas an obair a rinne Ó hAnnáin, is léir nach bhfuil an litriú foghraíochta a d'úsáid sé go hiomlán gan locht. Is ar son fhoghlaimeoirí na Gaeilge a cruthaíodh an litriú foghraíochta seo, agus ar an ábhar sin, tá simpliú déanta ar fhoghraíocht na Gaeilge.[23] Ar dtús, tá fadhb ag baint le cur síos ar na consain thaobhacha agus shrónacha. Ní dhéanann litriú foghraíochta Uí Ghramhnaigh idirdhealú ach idir trí chineál 'l' agus 'n'[24] ach déanann Sommerfelt idirdhealú idir ceithre fhóinéim 'l' agus ceithre fhóinéim 'n' i nGaeilge Dheisceart Ard Mhacha.[25] Anuas air sin, ní dhéantar idirdhealú idir consain liopacha chaola agus leathana ach amháin má bhíonn sleamhnán ann.[26] I lámhscríbhinní Uí Annáin mar sin, níl de dhifear idir *beag* [beG] agus *bog* [bŭG] (*GF* 19 lgh. 8, 28)[27] ach an difear atá idir na gutaí, ach tá codarsnacht le sonrú

[22] Ó Tuathail, *op. cit.*, 1932, 401.

[23] Féach O'Growney, *op. cit.*, I, 3-4: 'I have tried to explain everything as simply as possible ... the pronunciation of each word should be indicated in accordance with some simple phonetic system.'

[24] Féach O'Growney, *op. cit.*, I, 11 § 16; 18-19 §§ 44-49: **l** mar atá san fhocal *lamb*, *look*; **L** 'thick sound not in English'; ***l*** mar atá san fhocal *valiant*, *million*; **n** mar atá san fhocal *noon*; **N** 'thick sound not in English'; ***n*** mar atá i dtús an fhocail *new* agus i lár an fhocail *onion*. I dtaca leis na fuaimeanna a dtugann Ó Gramhnaigh 'thick' orthu, is léir gurb iad na consain dhéadacha atá i gceist aige: 'If the upper part of the tongue be pressed against the back of the upper teeth, while the English word, "law," is being pronounced, a thick sound of "l" will be heard...Similarly, if the tongue be pressed against the back of the upper teeth while the word "month" is being pronounced, a thick sound of "n" will be heard.'

[25] Sommerfelt, A., 'South Armagh Irish' (*SAI*) in *Norsk Tidsskrift for Sprogvidenskap* 2 (1929) 107-91 §§ 48-52; 67-70: /ɴ, n, ɴ′, n′/ agus /ʟ, l, ʟ′, l′/.

[26] O'Growney, *op. cit.*, I, 10 § 16: 'b, f, m, p, v, w, y, *as in English*.'

[27] Cuir i gcomparáid le *beag* [b′ïg] agus *bog* [bo̯g] in Sommerfelt (*SAI*: 173). Sin ráite, is minic a bhíonn 'b' leathan ag tús *beag* in Oirdheisceart Uladh: *fear beag* [f′ɑr bo̯g], *cailín bheag* [kəl′in′ wo̯g] (Óméith) in Wagner, H., *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects* 4 Iml. (*LASID* I-IV) Baile Átha Cliath 1958-69; athchló 1981-82 IV: 295, 296, nóta 7. I lámhscríbhinní Uí Annáin, tá *do Mhéabha bheag* [dhŏ vae′-wă weG] (*GF* 21 lch. 58) agus i nóta d'amhrán a bhreac sé síos i bhFearnaigh, deir Ó hAnnáin: '*bheagan* usually pron. weG′-ăan here', (*GF* 19 lch. 60). Ach ní mór a rá go bhfuil ceist na liopach casta i nGaeilge Chúige Uladh: féach go háirithe McKenna, M., 'Palatalization and Labials in the Irish of Torr, Co. Donegal' in *Béalra: Aistí ar Theangeolaíocht na Gaeilge*, eag. Ó Catháin, B., agus Ó hUiginn, R., Maigh Nuad 2001 146-160.

in *beo* [b-yau′] agus *bó* [bau′] (*GF* 19 lgh. 14, 74), agus *bí* [bee] agus *buí* [bwee] (*GF* 20 lgh. 10, 64).

Ach ina dhiaidh sin, sílim go dtiocfaí an-úsáid a bhaint as lámhscríbhinní Uí Annáin. Feictear dom go bhfuil an litriú foghraíochta beacht go leor gur féidir leis an léitheoir tuairim mhaith a fháil ar an chanúint. Déanfar plé ar chuid de na tréithe canúna atá le mothú thíos agus cuirfear i gcomparáid iad leis na foinsí eile atá ann a bhaineann le Gaeilge Oirdheisceart Uladh agus le Gaeilge Uladh agus na hÉireann go ginearálta. I dtaca leis an scéal seo de, foilsíodh leagan cheana féin in *Sgéalaidhe Óirghiall* agus admhaíonn Laoide go bhfuair sé ón Annánach é.[28] Ní luann Laoide ainm an scéalaí agus deir sé nach dtug Ó hAnnáin é. Ag deireadh an scéil sa lámhscríbhinn, áfach, tugann Ó hAnnáin an t-eolas seo: 'fuair mé an sgeul sin ó Bhrighid Ní Aghartaigh atá 'na comhnuidhe i ndeas do'n bhaile so' (*GF* 21 lch. 34).[29] Is spéisiúil an scéal é toisc gur bailíodh leaganacha éagsúla de ar fud na Gaeltachta, in Éirinn agus in Albain.[30] Ach más maith é go bhfuil

[28] Laoide, S. (eag.), *Sgéalaidhe Óirghiall.* Baile Átha Cliath 1905, 99-101, 122.

[29] Is í Crois Mhic Lionnáin an baile seo. Ba ó Bhrighid Nic Eoghain nó Brighid Uí Aghartaigh a fuair Ó hAnnáin cuid mhaith dá chuid ábhar Gaeilge. Tá 'Ní Aghartaigh' ag Ó hAnnáin anseo ach is cosúil go bhfuil dul amú air. Tá níos mó eolais ar an chainteoir seo le fáil in Ní Uallacháin, *op. cit.*, 392; in Trimble, *op. cit.*, 254; agus in McGahan, *op. cit.*, 86. Ba chóir dom a rá go bhfuil leagan eile den scéal 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór' ón chainteoir céanna le fáil sna lámhscríbhinní atá i seilbh an Dr. Uí Dhoibhlin. Ag leanúint an chórais uimhrithe atá in úsáid ag Trimble (ar lgh. 31-32), tá an leagan seo le fáil i Lámhscríbhinní Uí Annáin (LA) III: 33-41. Ní hionann go hiomlán an dá insint agus deir Ó hAnnáin (ar lch. 41) gur chuala sé níos mó ná leagan amháin den scéal sa cheantar. Seo cuid de na malairtí: *an soup* in áit *an fion*; *an cloch* in áit *an chloch*; *chuig an cloich* in áit *chuig an chloich*. Féach fosta an plé atá ag McGahan, *op. cit.*, 90.

[30] Ó thaobh béaloidis de, tá baint ag an scéal seo le hAarne-Thompson 2030 'An tSeanbhean agus a Muc'. Féach Seán Ó Súilleabháin agus Reidar Th. Christiansen, *The Types of Irish Folktale.* Helsinki 1963, 336-337. Tá eolas ann faoi na leaganacha éagsúla a bailíodh ar fud na hÉireann. Seo cinn eile as Éirinn agus Albain nach bhfuil luaite acu: Tír Chonaill: Ní Dhíoraí, A., (eag.), *Na Cruacha: Scéalta agus Seanchas,* Baile Átha Cliath 1985; athchló 2009, 106-107; Tír Eoghain (ón chainteoir céanna): Stockman, G., agus Wagner, H., 'Contributions to a Study of Tyrone Irish' in *Lochlann* 3 (1965) 43-236 (lgh. 232-235); Ó Baoighill, P., *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht thír Eoghain.* Baile Átha Cliath 2009, 469-471 agus taifead fuaime; Ciarraí; Wagner, H., agus Mac Congáil, N., *Oral Literature from Dunquin, County Kerry; Gaelic texts with Phonetic Transcription, English summaries and folkloristic notes.* Belfast 1983, 310-312 ('Murchadh agus Mriogaide'); Alba: Campbell, J. F., *Popular*

leagan in *Sgéalaidhe Óirghiall*, is fearr go bhfuil leagan ar fáil atá scríofa i litriú foghraíochta. Ní mór cuimhneamh go raibh Laoide ina eagarthóir agus mar gheall air sin, bhí sé 'go cruinn beacht, agus dúil mhór aige i gceart na Gaedhilge, agus ba bheag leis aon trioblóid a chuirfeadh críochnúlacht agus údarás ar a shaothar.'[31] I bhfonóta d'amhrán a chuir Ó hAnnáin chuig *Irisleabhar na Gaedhilge*, deir an t-eagarthóir, Laoide an uair sin: 'Two slight grammatical corrections, which do not interfere with the wording, have been made in this song'.[32] In amanna eile ní thugann litriú Laoide léargas cruinn ar fhuaimniú an fhocail de réir a chuid nótaí féin. Cuir i gcás gur minic a bhíonn deireadh an tabharthaigh iolra *-aibh* aige. Uair amháin, tá *dar na ceannaidheannaibh* aige, ach is léir óna chuid nótaí go bhfuil leathnú agus glórú déanta de *-ibh* go *-ubh*.[33] In alt amháin eile, tá *ar ghlórthaibh d'anma* agus *leis na cúig féilteachaibh Muire* aige nuair atá /i:/ i gceist.[34] Ní féidir an litriú *–aibh* a cháineadh go ró-mhór sna cásanna seo toisc gur féidir gurb é an tabharthach is bun leis an dá fhuaimniú seo.[35] Sa leagan de 'Murchadh Beag agus Murchadh Mór'

ar lean. ó l. 68

Tales of the West Highlands, 4 Iml. Edinburgh 1860 I, 157-163 ('Murchadh a's Mionachag'); McRury, Rev. J., 'O Chionn Leith Cheud Bliadhna' in *Transactions of the Gaelic Society of Inverness* 24 (1899-1901) 184-194 (lgh. 191-194) ('Biorachan Beag agus Biorachan Mòr).

[31] Bairéad, C., 'Seósamh Laoide' in *Béaloideas* 15 (1945) 127-140 (lch. 139).

[32] Ó hAnnáin, S. Óg., 'Nach Fada an Lá' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 10:109 (9/1899) 12-13 (lch. 13). Féach fosta McGahan, *op. cit.*,77-110, áit a bhfuil plé ar aidhmeanna na mbailitheoirí a bhíodh ag bailiú in Oirdheisceart Uladh, ról na heagarthóireachta, iontaofacht na bhfoinsí srl.

[33] Laoide, S., (ainm cleite Mac Tíre), 'Greann na Gaedhilge: Marbhadh an Chait' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 10:110 (10/1899) 21-22 (lch. 22): '*Ceannaidheannaibh*, pron. *k*aNeeNoow.'

[34] Laoide, S., 'Armagh Gaelic: Sgaball Mhuire' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 4 (5/1893) 204: 'Termination : *-aibh* = *ee* in *ghlórthaibh*, *féilteachaibh*.'

[35] Féach mar shampla O'Rahilly, T.F., *Irish Dialects Past and Present with Chapters on Scottish and Manx.* Baile Átha Cliath 1972; athchló 1988, 78. Féach fosta Ó Mainnín, M., '"Goidé mar 's tá na fearaibh?": Gnéithe de Leathnú agus de Fhuaimniú Fhoirceann an Tabharthaigh Iolra sa Nua-Ghaeilge' in *Celtica* 25 (2007) 195–224. Tá fianaise ag an Mhainníneach ag tabhairt le fios go bhfuil an t-iolra in [-u] ina shaintréith de Ghaeilge Oirthear Uladh. Tagann sé seo lena ndeir Laoide 'Marbhadh an Chait' 23: '*Ceannaidheannaibh*, pron. *k*aNeeNoow, also used as nom.; in these eastern districts all nouns in *–aidhe* have this plural, and those ending in *–óg* have *–aibh* = oow'.

atá in *Sgéalaidhe Óirghiall* níl an trascríobh ag teacht go hiomlán leis an leagan foghraíochta. Cuir i gcás úsáid an tabharthaigh arís, tá *in mo ladhraibh* ag Laoide cé gur léir ón litriú foghraíochta gur *schwa* atá i ndeireadh an fhocail – *in mo ladhra*. Anuas air sin, tá an tabharthach uatha den fhocal *slat* aige in *fá shlait* cé gur *fá shlat* atá sa leagan foghraíochta. Tá cúpla rud eile ann nár thuig Laoide mar is ceart iad. Mar shampla, tá *goidé atá ag cur ort* ag Laoide cé gur 'c' carballach atá ag Ó hAnnáin. Tá an Béarla 'what do you want?' ag Ó hAnnáin agus dá réir sin is cosúil gur *goidé atá ceithre ort*[36] atá ann. Dá thairbhe sin, tá leagan úr ortagrafaíochta curtha ar fáil agam thíos agus tá iarracht déanta agam teacht go cruinn leis an chaint.[37] Féach go bhfuil iarnótaí foghraíochta, deilbhíochta, comhréire nó foclóra a bhaineann leis na focail a bhfuil cló trom orthu sa téacs.

LEAGAN FOGHRAÍOCHTA	LEAGAN ORTAGRAFAÍOCHTA	
dhaul′ mŭr′-Koo beG′ ă' fee′-ŏn. CHō-ĕe	D'ól **Murcadh** Beag an fíon. **Chóidh**	1
mŭr′-Koo mōr′ ă-mah′ faa′ Lath′	Murcadh Mór amach fá shlat	
ă-var′-oo pae′ dhŏ wŭr′-Kŏo beG′ ă	a **bhearfhadh pé** do Mhurcadh Beag a	
dhaul′ ă CHŭd̲ feen′-ă ĕr mŭd̲′-ĭn.	d'ól a chuid fíona ar **moidin**.	
'Gaa vel′ thoo Gŭl′?' ar′-să'n thlath′.	'Gá bhfeil tú **ag gul**?' arsa'n tslat.	5
'slath, slath′ ă-var′-oo pae′ dhŏ wŭr′-Koo	'Slat, slat a bhearfhadh pé do Mhurcadh	
beG′ ă dhaul′ mŏ CHŭd̲ feen′-ă ĕr	Beag a d'ól mo chuid fíona ar	
mŭd̲′-ĭn.'	moidin.'	
'han-ōn′ thŏo mish′-ă,' ar′-să'n thlath′,	'Chan **fhoghann** tú mise,' arsa'n tslat,	
'Gŏ-wee′ thoo shg̲ee′-ăn ă-yar′-hăs mae'.	'go bhfuighe tú scian a ghearrthas mé.'	10
CHō′-ĕe shăe eg̲ ăn shg̲aen′.	Chóidh sé 'uig an scéin.	
'Gaa vel′ thoo Gŭl′?' ar′-să'n shg̲ee′-ăn.	'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n scian.	
'shg̲ee′-ăn ă-yar′-oo slath′, aGŭs slath′ ă	'Scian a ghearrfhadh slat, agus slat a	
var′-oo pae′ dhŏ wŭr′-Koo beG′ ă-dhaul′	bhearfhadh pé do Mhurcadh Beag a d'ól	
mŏ CHŭd̲ feen′-ă ĕr mŭd̲′-ĭn.'	mo chuid fíona ar moidin.'	15
'han-ōn′ thŏo mish′-ă', ar′-să'n sg̲ee′-ăn,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n scian,	

[36] Féach an plé ag McGonagle, N., 'Tá Rud Éigin a Cheithre orm' in *Éigse* 18 (1980-1) 299-303. Dar leisean go dtáinig *ceithre* ó *ciorrbhú*. Ba dhoiligh do McGonagle teacht ar shamplaí foghraíochta den fhocal seo agus ar an ábhar sin is tábhachtach iad scríbhinní Uí Annáin. Tá samplaí eile den leagan cainte seo ag an Annánach mar aon le haistriúcháin Bhéarla: *tá ceithre ort i gcónaí* [thaa k̲er′ orth ĭ-Gō′-nee] 'You are always wanting'; *tá tú a cheithre insa tsiopa* [thaa′ thŏo h-ye r̲′-ă ins ă t̲ap′-ă] 'You are required in the shop', (*GF* 20 lch. 30).

[37] Tabhair faoi deara go bhfuil trí litriú thíos ar dheirí na hAimsire Fáistiní/an Mhodha Choinníollaigh ag briathra an chéad réimnithe: ***fadh*** /f/, ***thadh*** /h/, ***fhadh*** /ø/.

'Gŏ wee′ thoo Kloh′ ă-CHŭr′-ăs	'go bhfuighe tú cloch a chuirfheas
fȯȯ′-văr orm.'	**faobhar** orm.'
whō′-ei shăe hig′ ăn CHloih′.	**Fóidh** sé chuig an chloich.
'Gaa vel′ thoo Gŭl′?' ar′-să'n CHloh′.	'Gá bhfeil tú gul?' arsa'n chloch.
'Kloh ă CHŭr′-ŏo fȯȯ′-văr ĕr shgaen′,	'Cloch a chuirfheadh faobhar ar scéin,
shgee′-ăn ă-yar′-oo slath′, slath′ ă-var′-ŏo	scian a ghearrfhadh slat, slat a bhearfhadh
pae′ dhŏ wŭr′-Koo beG ă-dhaul′ mŏ	pé do Mhurcadh Beag a d'ól mo
CHŭd feen′ ĕr mŭd′-ĭn.'	chuid fíon' ar moidin.'
'han-ōn′ thŏo mish′-ă,' ăr-să'n CHloh′,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n chloch,
'Go wee′ thŏo ish′-gă ă-lif′-ăs măe.'	'go bhfuighe tú uisce a **fhliuchfas** mé.'
whō′-ee shăe ĕg′ ăn ish′-gă.	Fóidh sé 'uig an uisce.
'Gaa vel′ thŏo Gŭl′?' ar′-să'n this′-gă.	'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n t-uisce.
'ish′-gă ă lif′-oo Kloh′, Kloh′	'Uisce a fhliuchfadh cloch, cloch
ă-CHŭr′-ŏo fȯȯ′-văr er shgaen′, shgee′-ăn	a chuirfheadh faobhar ar scéin, scian
ă-yar′-oo slath′, slath′ ă-var′-oo pae′ dhŏ	a ghearrfhadh slat, slat a bhearfhadh pé do
wŭr′-Koo beG′ ă-dhaul′ mŏ CHŭd feen′-ă	Mhurcadh Beag a d'ól mo chuid fíona
ĕr mŭd′-ĭn.'	ar moidin.'
'han-ōn thŏo mish′-ă,' ar′-să'n this′-gă,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n t-uisce,
'Gŏ wee′ thŏo fee′-ă ă-Naa′-făs măe.'	'go bhfuighe tú fia a shnámhfas mé.'
CHō′-ĕe shĕ hig ă-nee′-ă.	Chóidh sé chuig an fhia.
'Gaa vel′ thŏo Gŭl′?' ar′-să'n fee′-ă.	'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n fia.
'fee′-ă ă-Naa′-foo ish′-gă, ish′-gă ă	'Fia a shnámhfadh uisce, uisce a
lif′-oo Kloh, Kloh′ ă-CHŭr′-ŏo	fhliuchfadh cloch, cloch a chuirfheadh
fȯȯ′-văr ĕr shgaen′, shgee′-ăn ă yar′-oo	faobhar ar scéin, scian a ghearrfhadh
slath′, slath′ ă-var′-oo pae′ dhŏ	slat, slat a bhearfhadh pé do
wŭr′-Koo beG′ ă-dhaul′ mŏ CHŭd feen′-ă	Mhurcadh Beag a d'ól mo chuid fíona
ĕr mŭd′-ĭn.'	ar moidin.'
'han-ōn′ thŏo mish′-ă,' ar′-să'n fee′-ă,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n fia,
'Gŏ wee thŏo Gae′-ăr ă lan′-hăs măe.'	'go bhfuighe tú **gadhar** a leanthas mé.'
CHō′-ĕi shĕ hig′ ăn γȯȯr′.	Chóidh sé chuig an ghadhar.
'Gaa vel′ thoo Gŭl?' ar′-să'n Gȯȯr′.	'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n gadhar.
'Gaer′ ă-lan-ă fee′-ă, fee′-ă	'Gadhar a leanfha[dh][38] fia, fia
ă-Naa′-foo ish′-gă, ish′-gă ă lif′-oo	a shnámhfadh uisce, uisce a fhliuchfadh cloch,
Kloh′, Kloh′ ă-CHŭr′-ŏo fȯȯ′-var er	cloch a chuirfheadh faobhar ar
shgaen′, shgee′-ăn ă-yar′-oo slath′,slath′	scéin, scian a ghearrfhadh slat, slat
ă var′-oo pae′ dhŏ wŭr′-Koo beG′ ă	a bhearfhadh pé do Mhurcadh Beag a
dhaul′ mŏ CHŭd′ feen′-ă ĕr mŭd′-ĭn.'	d'ól mo chuid fíona ar moidin.'
'han-ōn′ thŏo mish′-ă,' ar′-să'n Gȯȯr′,	'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n gadhar,
'Gŏ-wee′ thŏo rib′-ŏG bal′-ee	'go bhfuighe tú rud beag bealaidh
ă-CHŭr′-ăs măe in mŏ lȯȯ′-ră.'	a chuirfheas mé in mo **ladhra**.'
CHō′-ĕe shăe hig′ ăn CHath′.	Chóidh sé chuig an chat.

[38] Nó *leanfhaidh* anseo agus thíos, cé go bhfuil na briathra eile sa Mhodh Coinníollach.

'Găa-vel′ thŏo Gŭl′?' ar′-să'n Kath′.
'Kath′ ă skree′-pŏo im′, im′ ă-rah′-oo ĭ
lòò′-ră γòò′-ĭr, Gòòr′ ă-lan′-ă fee′-ă,
fee′-ă ă Naa′-foo ish′-gă, ish′-gă ă lif′-oo
Kloh,' etc.
'ha-nōn′ thŏo mish′-ă,' ar′-să'n Kath′,
'Gŏ-wee′ thŏo rib′-ŏG bŭn′-ă dhŏo.'
whō′-ĕe shăe hig ăn maart.
'Gaa vel′ thŏo Gŭl′?' ar′-să'n marth′.
'marth′ ă-var′-oo rib′-ŏG bŭn′-ă dhŏ
CHath′, Kath′ ă skree′-poo im′, im′
ă-rah′-ŏo ĭ-lòò′-ră γae′-ĭr, Gaer
ă-lan′-hă fee′-ă,' etc.
'han-ōn′ thoo daur′ bŭn′-ă wŭm′-să,'
ar′-să'n marth′, 'Gŏ-wee′ thŏo ban′
ă-vlif′-ăs măe.'
CHō′-ĕe shăe hig′ ăn van′.
'Gaa′-ĭl thŏo Gŭl′, ă wŭr′-Kă wōr′,'
ar′-să'n van′, 'ăs Gŏ-dae′ thăa ker′ orth?'
'ban′ ă-vlif′-oo marth′, marth′
ă-var′-oo rib′-ŏG bŭn′-ă dhŏ CHath′,
Kath′ ă skree′-poo im′, im′ ă-rah′-oo
ĭ-lòò′-ră γae′-ĭr, Gòòr′ ă lan-ă fee′-ă',
etc.
'yan′-ĭd,' ar′-să'n van′.
lĕ shin′ vleeh′ ăn van′ ă' marth′, hŭG ă'
marth′ rib′-ŏG bŭn′-ă dhŭn CHath′,
skreeb′ ă' Kath′ ă' tim′, ăs whō′-ĕi ăn tim′
ĭ-lòò′-ră γòò′-ĭr, lan′ ă' Gaer′ ă' fee′-ă,
fee′-ă Naav′ shĕ ăn this′-gă, looh′ ă'
this′-gă 'n CHloh′, CHŭr′ ă' CHloh
fòò′-var ĕr shgaen, yar′ ă' shgee′-ăn ăn
thlath′, aGŭs hŭG ă' thlath′ pae′ dhŏ
wŭr′-Koo beG′ a dhaul′ ă' Kŭd′
fee′-nă ĕr mŭd′-ĭn.

'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n cat.
'Cat a **scríopfhadh** im, im a rachadh i
ladhra ghadhair, gadhar a leanfha[dh] fia, 60
fia a shnámhfadh uisce, uisce a fhliuchfadh
cloch,' srl.
'Chan fhoghann tú mise,' arsa'n cat,
'go bhfuighe tú rud beag **boinne** damh.'
Fóidh sé **chuig an máirt**. 65
'Gá bhfeil tú ag gul?' arsa'n mart.
'Mart a bhearfhadh rud beag boinne do
chat, cat a scríopfhadh im, im
a rachadh i ladhra ghadhair, gadhar a
leantha[dh] fia' srl. 70
'Chan fhoghann tú deor boinne uaim-sa,'
arsa'n mart, 'go bhfuighe tú bean
a **bhlighfeas** mé.'
Chóidh sé chuig an bhean.
'Gá'il tú ag gul, a Mhurca' Mhóir?' 75
arsa'n bhean, 'is goidé atá **ceithre** ort?'
'Bean a bhlighfeadh mart, mart
a bhearfhadh rud beag boinne do chat,
cat a scríopfhadh im, im a rachadh
i ladhra ghadhair, gadhar a leanfha[dh] fia' 80
srl.
'**Gheanfhaid**,' arsa'n bhean.
Leis sin, bhligh an bhean an mart, thug an
mart rud beag boinne don chat,
scríob an cat an t-im, is fóidh an t-im 85
i ladhra ghadhair, lean an gadhar an fia,
fia shnámh sé an t-uisce, fhliuch an
t-uisce an chloch, chuir an chloch
faobhar ar scéin, ghearr an scian an
tslat, agus thug an tslat pé do 90
Mhurcadh Beag a d'ól **an cuid**
fíona ar moidin.

Nótaí Teanga

Murcadh, (<*Murchadh*) 1: Sa leagan eile den scéal seo (féach fonóta 29) tá na foirmeacha *Murchadh/Murcha* [mur′-CHoo, mur′-CHă] ann chomh maith leis an fhoirm seo le /x/ díshéimhithe. In amhrán a bailíodh ón chainteoir chéanna, caomhnaítear /x/ sa tsloinneadh *'a'*

Mhurchaidh [ă-wŭr′-CHee].[39] Cuir i gcomparáid leis an fhorás /x/ > /f/ atá le sonrú sa leagan den tsloinneadh seo a fhaightear i nGaeilge Óméith.[40]

Chóidh (< *Chuaidh*), 1: Is féidir an fuaimniú a mhíniú ar chúpla bealach. Is féidir meabhrú air mar athfhilleadh díreach ar *do-coïd*, Aimsir Fhoirfe na Sean-Ghaeilge, nó is dócha gur sampla é den athrú fuaime *ua* > /o:/.[41] Sna foinsí as Oirdheisceart Uladh, is iad *chuaidh/chua/fuaidh/fua* na foirmeacha is coitianta ach tá *chóidh/fóidh/foidh* le fáil fosta: Ard Mhacha, [fuəi], (*SAI*: 187); Muineachán, [xu:ɐ][42]; Óméith, [fui], (*LASID* IV: 4 uimh. 91); [fuə], (*LASID* IV: 5 uimh. 212); Muineachán, [fuə], (*LASID* IV: 4 uimh. 44) ach [xo:i] ag an chainteoir céanna, (*LASID* IV: 10 téacs 10); Óméith, [huə], (*LASID* IV: 298 scéal 4) ach [fɔi], [fɔ.i] ag an chainteoir céanna, (*LASID* IV: 299 scéal 6). Tá an forás *ua* > /o:/ luaite ag Ó Searcaigh (*FGT* § 23) i dtaca le Domhnach Maighin, Muineachán i bhfocla mar *suas*, *cluas*, *anuas*, *buail*, *fuair*, *buachaill*, *chuala*, ach tá /uə/ le fáil sna focla seo chomh maith. Tá an fuaimniú seo luaite ag Sommerfelt (*SAI* § 151) san fhocal *buachaill*. Tá cuid mhaith samplaí i lámhscríbhinní Uí Annáin, ach in amanna tá an dá fhuaimniú ann. Mar shampla: *suas* [soo′-ăs, sōs] (*GF* 20 lch. 6); *uaibh* [wōv] (*GF* 20 lch. 8); *anuas* [ă-nōs] (*GF* 20 lch. 14); *cruaidh* [Krō′-ĕe] (*GF* 21 lch. 15), [Kroo′-ei] in amhrán (*GF* 19 lch. 20); *uait* [wō-ĭt̲] (*GF* 20 lch. 3), [woo′-ĭt̲] in amhrán (*GF* 19 lch. 44); *buail, bualadh* (ainm briathartha) [bōl′, bō′-loo] (*GF* 20 lch. 36), *an fear a bualadh* (an fhaí chéasta) [ă far′ ă-boo′-ăl-ŏo] (*GF* 20 lch. 44); *mo ghruaig* [mŏ γrō-ĭg̲] (*GF* 20 lch. 44), ach *snáithe gruaige* [snaah′-yĕ Groo′-ĕg̲-ă] (*GF* 21 lch. 18, amhrán); *buachaill* [bō′-hăl̲] (*GF* 20 lch. 46), ach *aig an*

[39] Féach an t-amhrán 'Séamus Mac Murchaidh' in Trimble, *op. cit.*, 45 líne 21 agus na nótaí ar lch. 86.

[40] Féach an t-amhrán 'Allaidh Ní' Mhurfaidh' in Ua Muireadhaigh, L., *Ceolta Óméith: An Chéad Chuid,* Dún Dealgan 1920, 10. Féach an nóta ag bun an leathanaigh: 'The broad *ch* often becomes *f* in Omeath, *e.g. fuaidh, faofóg*.'

[41] Féach Ó Buachalla, B., 'Modern Irish *Fuaidh*' in *Celtica* 25 (2007) 160-165 (161, n. 7). Is ionann *athfhilleadh díreach* anseo agus an téarma 'direct reflex' atá in úsáid ag an Bhuachallach.

[42] Ó Searcaigh, S., *Foghraidheacht Ghaedhilge an Tuaiscirt.* (*FGT*) Baile Átha Cliath 1925, 184.

mbuachaill [eg ăn moo′-ă-CHăl] (*GF* 21 lch. 38, amhrán); *buachaill-leacht* [bō′-hă-lath] (*GF* 20 lch. 48); *fá shluasad* [faa Lō′-sadh] agus *an tsluasad* [an thloo′-ă-săd̄h] (*GF* 20 lch. 50); *chuala* [CHō′-lă] (*GF* 20 lch. 58), *dá gcualaidh duine* [dhă Goo′-ăl-ee dhin′-ă] (*GF* 19 lch. 80, amhrán). In *LASID* tá cúpla sampla de *ua* > /o:/: Muineachán, *bualadh* [bo:lu] (*LASID* IV: 10 s.v. *bualadh*); Óméith, *buachaill* [bo:əL′] (*LASID* IV: 7 uimh. 624); *bhuail* [wo:l′], *uaid* [wo:id′] (*LASID* IV: 299 scéal 6). Tá an forás *ua* > /o:/, /o/ le sonrú i gcanúintí eile ar fud na hÉireann.[43]

Bhearfhadh (< *Bhéarfadh*), 3: Is cosúil go bhfuil an dá fhoirm le fáil in Oirialla.[44] Is é *bhéarfhaidh mé* le [e] an fhoirm atá le fáil in Óméith: [verə m′a] (*LASID* IV: 5 uimh. 312). Tá [ɛ, ɛ:] le fáil de ghnáth sa bhriathar seo i gCúige Uladh[45], ach tá [a] le fáil san Aimsir Fháisitineach in Inis Eoghain,[46] agus tá [ɛ, a, ɑ:, ɑ] le fáil san Aimsir Fháistineach agus sa Mhodh Coinníollach i dTír Eoghain.[47] Tá samplaí eile de *éa* > /a/, /a:/ in Oirdheisceart Uladh: *cha deanaim* [ha-dan′-ĭm] ach tá *cha déanaim* ann fosta [ha-dae′-nĭm] in (*GF* 20 lgh. 26, 23); Óméith, *gheanthadh* [janhu], (*LASID* IV: 12 s.v. *ním*), agus

[43] Féach *buachaill* [bo:xəl, bɔxil], *chuala* [xo:lə, xɔlə], *chuaidh* [ho:i, fo:i] in Holmer, N.M., *On Some Relics of the Irish Dialect Spoken in the Glens of Antrim.* Uppsala 1940, § 38; *comhluadar* /ku:lo:dər/, *buachaill* /boxiL′/, *fuair* /for/, *chuaidh* /fo/ in Mhac an Fhailigh, E., *The Irish of Erris, Co. Mayo: A Phonemic Study.* Baile Átha Cliath 1968; athchló 1980, § 296; /o:/ in *uabhar* /uəvur/~/o:vur/ agus in *bualadh*, /o/ in *buachaill* in de Búrca, S., *The Irish of Tourmakeady, Co. Mayo: A Phonemic Study.* Baile Átha Cliath 1958; athchló 2007, § 421; *fionnfhuartas* /f′iɴo:rtəs/, *leath-uair* /L′æ:fo:r′/, *comhluadar* /ku:Lo:dər/, *uabhar* /uəwər/~/o:wər/ agus /uə/~/o/ in *buachaill, bhuail, nuair, chuaidh* in de Bhaldraithe, T., *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: A Phonetic Study.* Baile Átha Cliath 1945; athchló 2002, §§ 409, 412; /uə/~/o:/ in *buachaill, tuairt, uabhar, comhluadar, Uachtar, suas, thuas, chuala* in Ó Curnáin, B., *The Irish of Iorras Aithneach, County Galway*, 5 Iml. Baile Átha Cliath 2007, I §§ 1.27, 1.392; *cnuasach* /kno:səx/, *nua* /no:/ in Ó Cuív, B., *The Irish of West Muskerry, Co. Cork: A Phonetic Study.* Baile Átha Cliath 1944; athchló 1988, § 291.

[44] Féach Laoide, *op. cit.*, 1905, 129 s.v. *bhearaid, bhéarfaid.*

[45] Féach an fhoirm choibhneasta, (*LASID* I: 299).

[46] Féach *bhearachaidh mé* [v′arɑhə m′ə], *a bhearfhas* [ə ˈv′arəs] in Evans, E., 'The Irish Dialect of Urris, Inishowen, Co. Donegal' in *Lochlann* 4 (1969) 1-130 (lch. 125).

[47] Féach *bhearfhaidh mise* [v′arə m′iʃə], *bh[e]arfhaidh mise* [wɑrə ˈm′iʃə], *bhéarfhaidh tú* [v′ɛrə tu], *bh[e]árfhainn-se* [wɑ:rənʃə] in Stockman & Wagner, *op. cit.*, 1965, 134.

gheánfhadh siad [ja:nəd′ ʃiəd] (*LASID* IV: 13 s.v. *teinidh*), ach i Muineachán, *ghéanthaidh* [jenhɪ] (*LASID* IV: 12 s.v. *ním*), i gcomparáid le *lé teanamh* [l′e: 't′ʃanu] (*LASID* IV: 11 s.v. *dadadh*). Faightear an forás céanna san Aimsir Fháistineach/Mhodh Coinníollach den bhriathar *abair*: *dearfhadh* [dar′-oo] ach deir Ó hAnnáin go bhfuaimnítear é mar *déarfhadh* [dae′-roo] chomh maith i bhfilíocht (*GF* 21 lch. 3). Tá *éa* > /a/ le fáil sa bhriathar seo in Óméith: *dhearfhadh sise* [jarəd ʃiʃə] *(LASID* IV: 11 s.v. *deirim*). Chomh maith leis sin, Tá [ɛ, ɑ] le fáil sa bhriathar seo i dTír Eoghain[48] agus tá [a:, a] le fáil in Inis Eoghain.[49]

Pé, 3. Tá an focal seo sa ghluais ag Laoide agus 'punishment' an chiall atá leis.[50] Tá sé le fáil mar cheannfhocal i bhfoclóir Dinneen, agus deirtear go gciallaíonn sé 'pay, punishment; *bheirim pé do*, I punish' agus tá nóta leis ag tabhairt le fios gur iasacht ón Bhéarla é.[51]

Moidin (< *maidin*), 4 agus *boinne* (< *bainne*), 64: Tá samplaí eile de *ai* > *oi* le fáil roimh/i ndiaidh consan liopach: *Aibrean* [ŭb′-răn] (*GF* 19 lch. 26, amhrán); *maistreadh* [mŭsh′-troo], *maide* [mŭd′-ă], (*GF* 21 lgh. 36, 60). Tá an fuaimniú seo luaite ag Ó Searcaigh (*FGT* § 91) i bhfocla mar *spaisteoracht*, *maidin*, *bainne*, *maise*, *faire*, *paidir*. Tá [o̞] sna focla *baile* [bo̞l′ə] agus *maide* [mo̞d′ə] ag Sommerfelt (*SAI* § 200); ach tá 'a' cúil in *bainne* [baɴ′ə], agus [i] in *maidne* [riaʟt ɴə mʷiɴ′ə] (*SAI*: 172, 185), nó [Mwïdïṅ] ag Ó Searcaigh (*FGT*: 179). In *LASID*, tá [o̞], [ɔ], [o] agus [ɑ̞] le fáil sna focla seo: *bainne* [bo̞ɴ′ə, bɑ̞ɴ′ə] (IV: 4 uimh. 61); *paiste* [po̞ʃt′ə] (IV: 5 uimh. 226); *baisteadh* [bɔʃt′u, bo̞ʃt′u] (IV: 5 uimh. 354); *maidin* [mo̞d′ɪn′] (IV: 6 uimh. 510), [mɑ̞d′ʒən] (IV: 7 uimh. 700); *faire* [fɔrə] (IV: 7 uimh. 702); *maistreadh* [moʃt′əru] (IV: 10 s.v. *bualadh*); *Baile Átha Cliath* [bo̞l′ɑ 'k′li:ə] nó [bɑl′ə 'k′l′i:ə] (IV: 13 s.v. *placenames*). Tá [ɑ] ag an chainteoir as Muineachán san fhocal *maide* [mɑd′ə] (*LASID*: IV 6 uimh. 534) ach [mɔd′ə] in Óméith, (*LASID* IV: 298 scéal 4). Ní hannamh an

[48] Féach [d′ɛrəd ʃiəd], [dɑrəd′ ʃiəd] in Stockman & Wagner, *op. cit.*, 1965, 130. Seo an Modh Coinníollach in áit na hAimsire Gnáthchaite.

[49] Féach [gə 'ɴ′arhə tü], [d′a:rhəd s′ə] in Evans, *op. cit.*, 118.

[50] Laoide, *op. cit.*, 1905, 142 s.v. *pé*.

[51] Dinneen, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*.Baile Átha Cliath 1927, athchló 1996, 834 s.v. *pé*.

litriú *-oi-* in áit *-ai-* i seantéacsanna as Oirdheisceart Uladh.[52] Tugtar faoi deara go bhfuil an litriú *boile*, *moidin*, *moide* le fáil i dtéacsanna béaloidis as Tír Eoghain.[53] Féach fosta go bhfuil [ɔ] le fáil sna focla *bainne*, *baile*, *maidin*, in Aontroim.[54] Tá an forás céanna tugtha faoi deara i nGaeilge Thír Chonaill chomh maith.[55]

Ag gul (< *ag gabháil/dul*), 5. Ní féidir a bheith cinnte nach *ag guil/goil* atá ann. Tá deacracht ag baint le litriú an ainm bhriathartha seo toisc gurb iomaí foirm atá i nGaeilge Oirdheisceart Uladh[56]: [ə·χo̤l′] (*SAI*: 178 s.v. *dul*); [TΛl] (*FGT* § 188, Ard Mhacha); [gɔl] (*FGT*: 180, Óméith, amhrán); [ə gɔl, gol′] (*LASID* IV: 9 uimh. 1054, Óméith) ach is coitianta *ag goil* san ábhar *LASID* a bhaineann le hOirdheisceart Uladh.[57] Fá dheireadh, cloítear le *ag gul* anseo toisc go bhfuil neamhchinnteacht ag baint le caoile an chonsain deiridh agus is cosúil óna bhfuil le rá ag Laoide gurb é *a' gul* an leagan is coitianta in Oirdheisceart Uladh.[58]

Chan Fhoghann (< *chan fhaghann/fhaigheann*), 9. Deir Laoide: 'This is the E.U. [East Ulster] form'.[59] Tá paraidím an bhriathair seo le fáil i lámhscríbhinn eile de chuid an Annánaigh: *fogh* [fõh],

[52] Féach *boile* in Williams, N.J.A. (eag.) 'Eachtra Ghruagaigh na Creige agus na Cruite 's an Tiompáin' in *Éigse* 14 (1972) 319-337 (lch. 336 n. 2a ii); *foire* in Ó Maonnaigh, C., (eag.), *Seanmónta Chúige Uladh,* Baile Átha Cliath 1965, 21 líne 723; *moide* in Ó Muirí, *Lámhscríbhinn Staire an Bhionadaigh* 197 líne 3139; *boinne* in Beckett, C. (eag.), *Aodh Mac Domhnaill: Dánta.* Baile Átha Cliath 1987, 173 nóta 10; *borbartha, mogamh* (< *magadh*) in McKenna, M. (eag.), *The Spiritual Rose: Prayers and Meditations in Irish.* Baile Átha Cliath 2001, xxix.

[53] Féach Ó Tuathail, *op. cit.,* 1993 lch. xvi.

[54] Holmer, §§ 25, 28.

[55] Wagner, H., *Gaeilge Theilinn.* Baile Átha Cliath 1959; athchló 1979, § 176; agus Quiggin, E., *A Dialect of Donegal, Being the Speech of Meenawannia in the Parish of Glenties.* Cambridge 1906, § 25; Ó Baoill, D.P., *An Teanga Bheo: Gaeilge Uladh.* Baile Átha Cliath 1996 § 1.14.2.

[56] I dtaca le foirmeacha an ainm bhriathartha seo i gCúige Uladh go ginearálta, féach Hughes, A., 'Gaeilge Uladh' in *Stair na Gaeilge*, (eag.) McCone, K., et al. Maigh Nuad 1994 610-660 (lch. 653 § 8.9).

[57] Óméith: [gɔl′] (*LASID* IV: 7 uimh. 596, 727, 778 srl); [gol′] (*LASID* IV: 7 uimh. 690); [go̤l′ʔ] (*LASID* IV: 9 uimh. 1152); [göl′] (*LASID* IV: 4 uimh. 55; 7 uimh. 778); Muineachán: [gol′] (*LASID* IV: 13 s.v. *téighim*).

[58] Féach Laoide, *op. cit.,* 1905, 146 s.v. *teanamh*: '*A' tul*, used in Drumintee for *ag dul* ... the common usage throughout Oriel is *a' gul*'.

[59] Laoide, *op. cit.,* 1905, 138 s.v. *foghann*.

foghann [fō′-ăn], nó *gheibh* [yev], *go bhfoghaidh* (Modh Foshuiteach Láithreach) [Gŏ wō′-ee].[60] Sa scéal seo, is é *go bhfuighe*, 9 atá le fáil sa Mhodh Foshuiteach Láithreach. Deir Ó Tuathail, '*chan fhónn se* is usual in Farney'.[61] Tá an abairt *foghaim go léir é* le fáil i bpíosa filíochta as Oirdheisceart Uladh a scríobhadh san ochtú haois déag.[62] Is é sin an fhoirm atá le fáil i dTír Eoghain chomh maith.[63]

Faobhar, 18. Is léir go bhfreagraíonn [òò] do [λ:] atá in úsáid ag Sommerfelt (*SAI* § 21), [fλ:vər], is é sin 'u' neamhchruinn. Mar atá ag Sommerfelt, tá /v/ i lár an fhocail seo, áit a bhfuil /w/ in Óméith, [fλ:wər] (*LASID* IV: 7 uimh. 591).[64] Is ionann [λ:] agus [ɯ:] atá ag Ó Searcaigh (*FGT* § 40).

Fóidh (< *Chóidh/Chuaidh*), 19. I dtaca leis an 'wh' seo, is cosúil go bhfuil baint aige le 'f' mar a bhíonn sa bhriathar seo in Oirdheisceart Uladh: [fuəi] Sommerfelt (*SAI* § 192); [fui] (*LASID* IV: 4 uimh. 91), agus in Éirinn go ginéarlta.[65] Bíonn [w], [wh] agus [f] in úsáid ag an Annánach agus malartaíonn [wh] agus [f] le chéile: *bhfuirea[chaidh] tú* [wir̲′-ăa thŏo], *fuirea[chaidh] mé* [whir̲′-ă mĕ], *fuireach* [fwir̲′-ă] (*GF* 20 lch. 26); *fuigfhidh* [whik̲-ĕe] (*GF* 19 lch. 56, amhrán). Feictear dom gur neasach[66] liopachoguasach neamhghlórach, [ʍ] nó [w̥], atá sa [wh] seo.[67] Deir Quiggin gur doiligh idirdhealú a dhéanamh idir [f] agus [w̥][68] agus is amhlaidh atá sé ag Wagner: 'bíonn claonadh aig **f** a athrú i n-a **wh** (sin **w** análach, gan guth ar bith,

[60] Leabharlann Uí Fhiaich Ard Mhacha, Páipéir Thomáis Uí Fhiaich FC 2 19 uimh. 20 lch. 4.

[61] Ó Tuathail, *op. cit.,* 1933. xliv.

[62] Féach Ó Fiaich, T., (eag.), *Art Mac Cumhaigh: Dánta.* Baile Átha Cliath 1973; athchló 1981, 81 líne 71.

[63] Féach Stockman & Wagner, *op. cit.,* 120-121 agus *LASID* I: 82 pointe 66.

[64] Féach fosta *LASID* I: 177.

[65] Féach Ó Buachalla, *op. cit.* Áitíonn sé gur éadóiche gur athrú fóineolaíochta (/x/ > /f/) atá taobh thiar de *fuaidh* ach go bhfuil baint aige le *ro-fáith*, 3.u. Aimsir Fhoirfe an bhriathair *fethid/feidid* 'leads'.

[66] Is ionann *neasach* agus 'approximant'.

[67] Deir Ó hAnnáin i lámhscríbhinn eile: '**wh** = sound of **wh** in *when*, *whisper* etc.' LA 12: 6 (féach fonóta 29 maidir leis an fhoinse seo).

[68] Quiggin, *op. cit.,* § 309.

atá eadar **f** agus **h**). Ní féidir liom eadardhealadh a dhéanamh eadar **f** agus **wh** i n-ach uile chás'.[69] Tá sampla amháin eile agam de 'wh' [ʍ] in áit 'CH' [x] i lámhscríbhinní Uí Annáin: *char choinnigh* [har whin̲′-ă] (*GF* 19 lch. 68, amhrán). Féach gur chuala Holmer [hwɛi] *chuaidh/fuaidh* i Reachlainn.[70]

Fhliuchfas, 26. Is iad *a líomhfas* agus *a líomhfadh* na foirmeacha atá ag Laoide[71] ach *fhliuchfas* 'that shall wet' agus *a fhliuchfadh* atá sa lámhscríbhinn ag an Annánach. Tá fuaimeanna éagsúla ag an bhriathar seo i lámhscríbhinní Uí Annáin: *a bhfliuchfaí a chroí* [ă-vlŭf′-ee CHree], *a fhliuchfadh do bhéal* [ă lif′-oo dhŏ vael′], *fliuchaigí mur mbéal* [fl̲ooh′-ă-g̲ee mŭr mael′] (*GF* 19 lgh. 34, 36, 38, amhráin uilig). Is gnách fuaim /u/ san aidiacht *fliuch* in Oirdheisceart Uladh: [f′l′uʰ], Sommerfelt (*SAI* § 227); [f′l′λ] (*LASID* IV: 11 s.v. *fliuch*), [f′lu.h] (*LASID* IV: 295 scéal 1). Tá [f′l′ɔχ], [f′l′o̤χ], [f′l′ïχ], [f′l′əχ] agus [f′l′Uχ] le fáil i dTír Chonaill.[72]

Gadhar, 45, 47, 48 [Gae′-ăr, Gaer′] ~ [Gȯȯr′] agus *ladhra*, 56 [lȯȯ′-ră] anseo ag an Annánach agus tá *d'aghaidh* [dhȯȯ′-ei] in (*GF* 20 lch. 20). Tagann na foirmeacha deireanacha seo lena bhfuil le rá ag Ó Searcaigh, (*FGT* § 41) go mbíonn [ɯ:] (a fhreagaíonn do [λ:] Sommerfelt, Quiggin, Wagner) i nDeisceart Uladh i bhfocla mar *gadhar* [gɯ:r], *ladhar* [lɯ:r] agus in *adharc* [ɯ:rk], *aghaidh* [ɯ:I]. Freagraíonn na chéad fhoirmeacha do [ɛ:], [ɛ:] nó [e:] atá ag Ó Searcaigh (*FGT* § 61). Féach *adharca* [ɛ:rkɐ], Ó Searcaigh (*FGT*: 182, Muineachán). De réir Sommerfelt (*SAI* § 24), tá [ʌ:], 'a mid-back-vowel, approximately that of English *cut*', i *gadhar* [gʌ:r] agus i *ladhar* [lʌ:r]. Níl *gadhar* nó *ladhar* le fáil in *LASID* ach tá samplaí eile de *adh*, *agh* aiceanta agus tá [ö:], [ɛ:] agus [e:] le fáil iontu: *aghaidh* [ö:i] (*LASID* IV: 10 s.v. *aghaidh*), ach [e:j] (*LASID* IV: 6 uimh. 483) ón chainteoir céanna; *adharcu* [e:rku], *adharc* [ɛ:rk]

[69] Wagner, *op. cit.*, 1959, § 33.

[70] Holmer, N.M., *The Irish Language in Rathlin Island, Co. Antrim*. Dublin 1942, § 153.

[71] Laoide, *op. cit.*, 1905, 99.

[72] Quiggin, *op. cit.*, §§ 26, 43.

(Muineachán), (*LASID* IV: 4 uimh. 35). Is ionann [ö̞:] agus guta atá cosúil le [λ:] ach go bhfuil sé rud beag níos ísle.[73]

Scríopfhadh (< *scríobfadh*), 59. Díghlórú atá i gceist anseo, /b/+/h/ > /p/.[74]

Boinne (< *bainne*), 64. Féach *moidin* thuas.

Chuig an máirt (< *chuig an mairt/mart*), 65. Feictear dom gur leagan tabharthach de *mart* atá anseo. Is é *an mart*, 61 atá ann san ainmneach. Is cosúil go bhfuil an dá inscne ag an ainmfhocal seo in Oirdheisceart Uladh.[75] In *LASID* tá *mart/márt/mairt/máirt* le fáil san ainmneach: [mɑrt] (*LASID* IV: 4 uimh. 4); [mɑ:rt] (*LASID* IV: 297 scéal 3); [mɑ:rt′ʃ] (*LASID* IV: 4 uimh. 39, Óméith); [mɑrt, mɑrt′ʃ] (*LASID* IV: 12 s.v. *mairt*, Muineachán). I dtaca le fad an ghuta, is léir ó na samplaí go mbíonn malartacht idir [ɑ] agus [ɑ:] sa chanúint san ainmfhocal seo. Tá sampla den fhadú seo tugtha faoi deara ag Sommerfelt: *scairt sí* [ska:rt′ ʃi] (*SAI* § 124).[76]

Bhlighfeas, 73. Tá /i/ sa bhriathar seo san Aimsir Fháistineach agus sa Mhodh Coinníollach. Ar an dóigh chéanna, in Óméith tá [ï] in *blighfidh mé* [b′l′ïf′ə m′ə] (*LASID* IV: 4 uimh. 55).[77]

Ceithre, 76. Féach fonóta 36 thuas.

Gheanfhaid (< *déanfad*), 82. Seo foirm tháite na chéad phearsan uatha san Aimsir Fháistineach. Tá samplaí eile den fhoirm tháite i lámhscríbhinní Uí Annáin i bhfreagraí: *An íosfhaidh tú uigh? Íosfhaid*

[73] Féach Quiggin, *op. cit.*, § 69.

[74] Féach Sommerfelt, A., *The Dialect of Torr, Co. Donegal*. Christiania 1922, 166 § 499.

[75] Féach Lloyd, J.H., 'Parrach Mha'l Brighde 's a Mhac' in *Zeitschrift für Celtische Philologie* 2 (1899) 156-159 (lch. 159) áit a bhfuil an nóta seo déanta aige: '*mart*: gender doubtful. Thus we find *an mart, dhá mhart* beside *dhá mhairt, na mairte*'. Féach fosta Laoide, S., 'Irish in Monaghan County' in *Irisleabhar na Gaedhilge* 6:10 (1-2/1896) 145-52 (lch. 151 n. 41): 'Though the *m* of *mart* is not aspirated in the nom., the genitive is feminine, *eg. urball na mairte*, the cow's tail.' Deir Dinneen gurb í *mairte*, *f.* an tuiseal ginideach i gCúige Uladh. Féach Dinneen, *op. cit.*, 718 s.v. *mart*.

[76] Féach fosta Sommerfelt, *op. cit.*, 192-2,§§ 437-438 agus Quiggin, *op. cit.*, § 21.

[77] Féach fosta Quiggin, *op. cit.*, §§ 105, 112.

[nis′-ă thŏo eeh′ ; is′-ĭd]; *Abair leis an fhear an t-im a chothromódh insa tsiopa – Dearfhaid* [ab′-ĭr lesh ă-nar′ ăn tim′ ă-CHor′-mō ins ă tap′-ă – dar′-ĭd] (*GF* 20 lgh. 26, 40). Tagann na foirmeacha seo lena bhfuil le rá ag Laoide i dtaobh na bhfoirmeacha táite i nGaeilge Mhuineacháin: 'Future 1st sing., in reply to a question, etc., ... the –*ad* (*-ead*) is usually pronounced *–aid* or *–id*'.[78] Tá an deireadh caol -*fid*/*-faid* le fáil in áit *–fead*/*-fad* i seantéacsanna as Oirdheisceart Uladh.[79] Tá sé seo tugtha faoi deara ag Ó Tuathail i nGaeilge Thír Eoghain chomh maith.[80]

Anuas air sin, féach go bhfuil *déan* á úsáid in áit an bhunbhriathair. Tá samplaí eile de seo i lámhscríbhinní Uí Annáin: *Tabhair aire dó go dtiocfhaidh mé isteach – Gheanfhaid.* [thŭr er′-ă dhaŭh Gŏ-dŭK′-ee mĕ stah′ ; yan′-ĭd]; *[An] mbearfhaidh tú aire dó-sean go dtiocfhaidh mé ar ais? Cha deanaim* [mar′-ă thŏo er′-ă dhău-shin′ Gŏ-dŭK′-ee măe ĕr-esh – ha dan′-ĭm] (*GF* 20 lch. 26). Is minic a úsáidtear *déan* i bhfreagraí in áit an bhunbhriathair i gcanúintí eile.[81]

Fia shnámh sé an t-uisce, 87. Is neamhchosúil comhréir na habairte seo leis na habairtí eile sa dóigh go bhfuil ainmní roimh an bhriathar agus forainm pearsanta ina dhiaidh chomh maith. Is dócha go bhfuil béim á cur ar an ainmní sa dóigh sin.[82]

An cuid, 91. Shílfí gur *a chuid* atá i gceist anseo agus an séimhiú ar iarraidh toisc gur *a chuid* atá ann i líne 3, ach 'the wine' atá san aistriúchán ag an Annánach in áit 'his share of the wine' a fhrea-

[78] Laoide, *op. cit.,* 1896, 147.

[79] Féach (*ní*) *chuirfid,* (*ní*) *staidfid* i gcomparáid le *dhéanadsa* in Williams, N.J.A ., 'Eachtra Áodh Mhic Goireachtaidh' in *Éigse* 13 (1969-70) 111-142 (lch. 136, nóta xvi); *dhéanuid* in Ó Maonaigh,*op. cit.,* 33 líne 1132 ach féach fosta *eireochad*, *rachad*, *dearad* 12, línte 384-5; *dearraid* in McKenna, *op. cit.,* 2001, 138.23, ach féach fosta *dheanadsa* 141.27.

[80] Ó Tuathail, *op. cit.,* 1933, xxi: 'In a few lines of verse recited by E.Ó.C [Eóin Ó Cianáin] two instances of *–faid* (= -fad) occur in the 1 sg. fut., but he prefers such forms as *stadfa me*, *racha me*.'

[81] Féach Hughes, *op. cit.,* 653 § 8.8 agus Ó Siadhail, M., *Modern Irish: Grammatical Structure and Dialectal Variation*. Cambridge 1989, 303-304.

[82] Féach Ó Searcaigh, S., *Coimhréir Ghaedhilg an Tuaiscirt*. Baile Átha Cliath 1939, § 283: 'Sorcha an Mhacaidín bhí sí go díreach ag druid doras an chró i ndiaidh na lachan a chur isteach'.

graíonn do *a chuid*. Tá *an cuid* le fáil san ainmneach i lámhscríbhinn eile de chuid an Annánaigh: *sin an cuid is measa de* [shin′ ă' Kŭd̲ ĭs mes′-ă dhĕ].[83] Tá séimhiú ar an ainmfhocal seo i ndiaidh an ailt in Óméith: *an chuid is mó* [ə xïd′ əs mụ̃:] (*LASID* IV: 4 uimh. 142).[84]

Summary

The story of 'Murchadh Beag and Murchadh Mór' and its variants has been collected from Gaelic speakers throughout Ireland and Scotland. This is a semi-phonetic Irish version that was collected in the Fews district of South Armagh at the end of the nineteenth century. An orthographical version was subsequently edited by Seosamh Laoide and published in Sgéalaidhe Óirghiall (1905). There is discussion of the collector Seán Ó hAnnáin (John Hannon) and his methods as well as the editorial methods of Seosamh Laoide. It is felt that a new orthographical version in dialectal spelling is required which is provided alongside the semi-phonetic text. Furthermore there is a discussion of various aspects of the dialect that are evident from the text which are compared with other sources for the dialect, as well as with other sources of Irish dialects.

[83] Leabharlann Uí Fhiaich Ard Mhacha, Páipéir Thomáis Uí Fhiaich FC 2 19 uimh. 20 lch. 59.

[84] Gabhaim buíochas leis an Dr. Mícheál Ó Mainnín, Ollscoil na Banríona Béal Feirste, as dréacht den alt seo a léamh dom agus as a chuid tuairimí a roinnt go fial liom.

Gabhaim buíochas fosta le foireann na Leabharlainne Náisiúnta as cead a thabhairt dom ábhar na lámhscríbhinne a fhoilsiú.